# Comhairleoirí Teanga

# á lorg ag TG4

# Comhairleoirí Teanga á lorg ag TG4 d'Earnáil na Léiriúchán Neamhspleách

Is mian le TG4 painéal comhairleoirí teanga a chur le chéile a bheidh ar fáil ar bhonn sealadach agus ar bhonn togra chun comhairle a chur ar chomhlachtaí léiriúcháin a bhíonn ag léiriú cláracha agus ábhar trasardáin do TG4 in earnáil na léiriúchán neamhspleách.

Táimid ag lorg comhairleoirí a bhfuil spéis ar leith acu i gcláracha faisnéise, siamsaíochta, drámaíochta agus páistí. Deis ar leith é seo do dhaoine a bhfuil saibhreas agus líofacht teanga acu saineolas a chur ar fáil chun barr feabhais a chur ar chaighdeán na Gaeilge ar chláracha TG4.

Beidh an painéal i bhfeidhm ar feadh trí bliana. Cuirfidh TG4 baill nua leis an bpainéal ó am go chéile.

### Ról an Chomhairleora Teanga:

Féadfaidh comhlachtaí léiriúcháin comhairleoir teanga a roghnú ón bpainéal bunaithe ar oiriúnacht an chomhairleora teanga nó ar bhonn sraithe nó clár aonair.

Cuirfidh na Comhairleoirí Teanga comhairle ar na Comhlachtaí Léiriúcháin maidir leis na nithe seo a leanas:

- Scripteanna a scríobh do chláracha faisnéise / siamsaíochta nó seánraí eile TG4
- Treoir a thabhairt maidir le foghraíocht agus dul nádúrtha na Gaeilge
- Treoir a thabhairt maidir le saibhreas cainte agus canúna do scripteanna drámaíochta.
- Comhairle teanga agus foghraíochta a thabhairt d'aisteoirí agus láithreoirí
- Comhairle a chur ar fáil maidir le foghraíocht, nathanna cainte agus éagsúlacht na gcanúintí
- Tacaíocht a chur ar fáil le linn léirithe beo nó réamhthaifeadta idir ábhar scríofa agus ábhar cainte.

**Is riachtanais iad na nithe seo a leanas agus ní mór iad a bheith ag iarrthóirí**

- Saibhreas Gaeilge: cainteoirí líofa nó daoine a bhfuil Gaeilge ar ard-chaighdeán acu.
- Saineolas ar na canúintí
- Tuiscint dhomhain ar ghnéithe de chultúr agus de theangeolaíocht na Gaeltachta agus na Gaeilge.
- Taithí ar chomhairleoireacht teanga, aistriúchán, nó réimsí eile gaolmhara teanga
- Duine solúbtha a bheidh ábalta oibriú ar thionscadail éagsúla de réir mar is gá

## Eolas Breise

- Cuirfear na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar phainéal agus d'fhéadfadh comhlacht léiriúcháin teagmháil a dhéanamh leo ag brath ar a n-oiriúnacht nó ar an togra.

- Beidh an comhairleoir féinfhostaithe, ní bheidh an té sin fostaithe ag an gcomhlacht léiriúcháin.

- D'fhéadfadh ball den phainéal seirbhísí a sholáthar don chomhlacht léiriúcháin trí chomhlacht.

- Ní mór don chomhairleoir teanga a bheith ar fáil nuair atá taifeadadh á dhéanamh ar an láthair taifeadta.

- Sa gcás nach n-iarrann na comhlachtaí léiriúcháin ar bhall den phainéal seirbhísí a sholáthar, ní bheidh aon éileamh ag an mball sin in aghaidh TG4 ná in aghaidh na gcomhlachtaí léiriúcháin maidir le cailliúint deiseanna ná aon ní eile.

- Is féidir le duine ar an bpainéal glacadh le hiarratas nó diultú d'iarratas seirbhísí a chur ar fáil do chomhlacht léiriúcháin, faoi mar a oireann sé dóibh féin. Tá sé intuigthe nach bhfuil aon dualgas ar chomhlacht léiriúcháin aon togra a thairiscint do dhuine ar bith ar an bpainéal.

**Chun iarratas a dhéanamh:**
Seol léiriú spéise chuig comhairleoir.teanga@tg4.ie roimh 30 Aibreán 2026